

Polasaí & Treoirlínte do na Meáin Shóisialta (SOCIAL MEDIA POLICY & GUIDELINES)

Treoir Duit (GO TO GUIDE)

Treoir atá anseo ar cheisteanna coitianta maidir leis an gcaoi ar cheart do aonaid de chuid CLG feidhmiú ar líne. (THIS IS A GUIDE TO SOME OF THE MOST...)

AG DÉANAMH TEAGMHÁLA (KEEPING IN TOUCH)

Teachtaireachtaí Díreacha (DIRECT MESSAGING)

Níor cheart ardáin mheán sóisialta ná aipeanna ar nós Whatsapp nó Messenger a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus tú i mbun cúrsaí oifigiúla de chuid Chumann Lúthchleas Gael (traenáil, imeachtaí srl...). Ní chomhlíonann na bealaí cumarsáide seo na dualgais a leagtar amach sna 'Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí' (GDPR). Tá sé slán sábháilte teachtaireachtaí téacs agus ríomhphost a úsáid d'fhonn baill, ar daoine fásta iad, a choinneáil ar an eolas.

Is féidir teachtaireachtaí a scaipeadh ar Aip CLG. Is féidir le haonaid de chuid an Chumainn an aip seo a úsáid le teagmháil a dhéanamh le baill eile ina gcuid aonad féin agus comhlíonann sí a cuid dualgas maidir le GDPR. Tá smacht ag clubanna ar an eolas a scaiptear tríd an mbealach áirithe cumarsáide seo.

Cumarsáid le himreoirí agus le foirne faoi aois (COMMUNICATING WITH UNDERAGE...)

Níor cheart go mbeadh aon phlé riamh ag cóitseálaithe, meantóirí nó ag oifigigh eile le himreoirí faoi aois trí theachtairreachtaí téacs a chur chucu nó tríd na meáin shóisialta. Ba cheart aon phlé atá le déanamh maidir le cúrsaí CLG, a dhéanamh le tuismitheoirí nó le caomhnóirí na n-imreoirí faoi aois, ach amháin sa chás go bhfuil socrú ar leith déanta leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.

Ba cheart cloí leis an treoir seo a leanas agus tú ag déanamh teagmhála le himreoirí faoi aois:

- Más gá duit fón póca a úsáid le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir/caomhnóir, déan an teagmháil sin leo via ríomhphost nó via Aip CLG amháin. Más mian leat teacht ar thuismitheoir/chaomhnóir ar aon bhealach eile ní mór duit cead a fháil ón tuismitheoir/gcaomhnóir roimh ré;
- Ná déan aon teagmháil aonarach le himreoir faoi aois le teachtaireacht téacs nó le ríomhphost;
- Ná déan teagmháil riamh le haon imreoir faoi aois ar láithreáin líonraithe shóisialta.

AG POSTÁIL ÁBHAR AR LÍNE (POSTING CONTENT ONLINE)

Cuimhnigh air seo! (REMEMBER THIS)

Moltaí tábhachtacha le haghaidh postálacha idirlín agus sóisialta:

- Ná coinnigh mórán eolais ar do bhileoga foirne. Is leor ainm! Ná luaigh uimhreacha ballraíochta ná dátaí breithe riamh. Ná húsáid grianghraf nó ná luaigh ainm scoile an imreora riamh ach an oiread (ach amháin sa chás go bhfuil scoil ag imirt, dar ndóigh);
- Ná tabhair amach aon eolas faoin bhfeidhmeannas nach gá a thabhairt amach. Is leor ainm, seoladh ríomhphoist de chuid CLG agus uimhir ghrianghraif (nuair is gá). Ná luaigh seoladh baile nó sonraí pearsanta eile;
- Ná clibeáil daoine aonair ar chainéal ar bith;
- Ná roinn aon phostáil nach bhfuil bainteach le cúrsaí CLG;
- Ná postáil ach grianghraif ar leat féin iad, nó a bhfuil cead faighte agat lena n-úsáid, agus bíodh siad bainteach le gníomhaíocht CLG; ná cóipeáil nó roinn íomhánna ó leathanaigh phearsanta;
- Déan cinnte go ndéantar monatóireacht rialta ar thráchtanna a dhéantar ar phostálacha. Má bhíonn amhras ar bith ort faoi oiriúnacht aon tráchta, glan é.

SMAOINIGH SULA nDÉANANN TÚ POSTÁIL (THINK BEFORE YOU POST)

Bí cinnte go bhfuil treoirlínte CLG á dtabhairt san áireamh agat sula ndéanann tú aon íomhá (íomhá shocair nó físeán) a bhaineann le baill faoi aois a phostáil. Is faoi na haonaid éagsúla féin de chuid CLG atá sé a shocrú cén cuntais mheán sóisialta ar mhaith leo a úsáid le poiblíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ball faoi aois.

- Iarr cead ar thuismitheoirí na n-imreoirí, má tá tú ag iarraidh a gcuid íomhánna a úsáid. D'fhéadfaí an cead seo a lorg ar an bhfoirm chláráithe a bhíonn le líonadh isteach ag thuismitheoirí ag tús na bliana nó trí Aip CLG.
- Is gá go mbeadh aon pháiste/duine óg, in aon fhíseán, gléasta go cuí.
- Ba cheart go mbeadh aon fhíseán a chuirtear ar líne dírithe ar an ngníomhaíocht seachas ar aon duine óg ar leith.
- Níor cheart go mbeadh aon sonraí a bhaineann le daoine óga luaite san íomhá nó san fhíseán, ach amháin sa chás go bhfuil aitheantas poiblí á thabhairt dóibh (mar shampla, má tá gradam á bhronnadh orthu nó má tá éacht ar leith bainte amach acu) agus gur tugadh cead a leithéid a dhéanamh.
- Is féidir grianghraif foirne agus grúpa a thógáil ach ní gá go mbeadh ainm an imreora ag meaitseáil an áit a bhfuil siad ag seasamh nó ag suí sa ghrianghraf.
- Ba cheart gabháil díreach chuig Oifigeach Leanaí an Aonaid CLG / chuig aon duine údarásach eile de chuid an Aonaid CLG nó, más gá, chuig na húdaráis reachtúla cuí sa chás go n-úsáidtear aon íomhá ar bhealach nach bhfuil feiliúnach ná cuí.
- Má thugtar cuireadh do bhaill faoi aois gabháil i ngleic le cuntais mheán sóisialta de chuid Aonaid CLG, is gá thuismitheoirí a chur ar an eolas agus cead a fháil uathu roimh ré.
- Iarr ar thuismitheoirí gan íomhánna de leanaí eile a phostáil ar a gcuid cuntas meán sóisialta féin.
- Ba chóir monatóireacht ghéar a dhéanamh ar idirghníomhaíocht ar chuntais agus ar shuíomhanna idirlín de chuid aonaid CLG le déanamh cinnte nach dtugtar drochíde nó nach ndéantar trolláil ar líne ar aon bhall faoi aois. Ba chóir an mhonatóireacht ghéar seo a dhéanamh, freisin, le déanamh cinnte nach ndéanann na baill féin aon rud a phostáil, in aon turas nó trí thimpiste, atá míchuí. Tá polasaí frithbhulaíochta ag

CLG ar cheart cloí leis i gcónaí.

- Tá polasaithe agus caighdeáin CLG maidir leis an mbealach a ndéanann oifigigh cumarsáid le baill faoi aois an-chuimsitheach. Tá siad le fáil sna caipéisí ‘Code of Best Practice in Youth Sport when working with underage players’ agus ‘Guide to maintaining appropriate levels of behaviour in our work with children and young people’. Déan tagairt de na cáipéisí seo má tá tuilleadh eolais uait maidir leis na pointí thuasluaite.

AG IMIRT DE RÉIR NA RIALACHA (PLAYING BY THE RULES)

Ní mór do gach ball de chuid CLG feidhmiú faoi réir Chód Iompair CLG agus iad ar líne, fiú amháin nuair nach bhfuil siad ag feidhmiú thar ceann an Chumann. Tá tú freagrach as do chuid gníomhaíochtaí féin ach bíodh a fhios agat go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag na gníomhaíochtaí sin don Chumann.

Tá CLG ag súil go gcloífead leis na rudaí seo a leanas agus ábhair a bpostáil ag baill de chuid an Chumann ar líne:

- Ná postáil nó roinn aon ábhar atá foréigneach, gáirsiúil, graosta, gráiniúil nó clúmhillteach;
- Ná postáil nó roinn aon mhí-iompar a bhaineann le himreoirí faoi aois;
- Ná mol nó spreag gníomhaíocht mhídhleatheach;
- Ná gabh i ngleic le trolláil, bulaíocht nó le gníomhaíocht mhaslach ar bith eile;
- Ná tabhair le fios, go bréagach, go dtacaíonn CLG le haon táirge ar leith, nó le haon rud ar leith, atá á chur chun cinn;
- Ná sceith aon eolas rúnda maidir le CLG;
- Ná bíodh aon bhaint agat le plé ar bith ina mbíonn caitheamh anuas ar aon chine, eitneacht nó ar aon chreideamh ar leith;
- Bíodh meas agat ar luachanna CLG i gcónaí;
- Bí ciallmhar i gcónaí.

CÉN CHAOI IOMPAR MÍCHUÍ A THUAIRISCIÚ? (HOW TO REPORT...)

Má thugann tú faoi deara go bhfuil aon bhall nó oifigeach ann nach bhfuil ag cloí le treoirínthe na meán sóisialta, déan teagmháil le do chlub nó le OCP do chontae. Más fearr leat, is féidir na rudaí a bhfuil tú imníoch fúthu a chur ar aghaidh chuig communications@gaa.ie.

Má tharlaíonn sé go bhfuil aon oifigeach nó ball de chuid an Chumann ag baint úsáide míchuí as na meán shóisialta caithfead go dian leo agus d’fhéadfadh go mbeadh gníomhartha smachtaithe mar thoradh ar an úsáid míchuí sin.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan tagairt den leagan iomlán de Pholasáí & Treoirínthe CLG do na Meán Shóisialta (PLEASE REFER TO THE FULL VERSION...)